CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/714 ÓN gCOIMISIÚN

an 5 Bealtaine 2022

lena ndeonaítear maolú lena gceadaítear don Bheilg, don Bhulgáir, don Chipir, don Liotuáin, don Ísiltír agus don Fhionlainn modhanna eile seachas teicnící próiseála sonraí leictreonacha a úsáid chun faisnéis a mhalartú agus a stóráil le haghaidh Chóras Rialaithe Allmhairí 2 i ndáil le hearraí i gcoinsíneachtaí poist

(a bhfuil fógra tugtha ina leith faoi dhoiciméad C(2022) 2760)

(Is ag na téacsanna sa Bhulgáiris, sa Ghréigis, sa Fhraincis, sa Liotuáinis, san Ollainnis, san Fhionlainnis agus sa tSualainnis a bheidh an t-údarás agus acu siúd amháin)

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Deireadh Fómhair 2013 lena leagtar síos Cód Custaim an Aontais ([1]), agus go háirithe Airteagal 6(4) i gcomhar le hAirteagal 8(2) de,

Tar éis dul i gcomhairle leis an gCoiste um an gCód Custaim,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) In Airteagal 6(1) de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013, ceanglaítear gur trí úsáid a bhaint as teicnící leictreonacha próiseála sonraí a dhéanfar na malartuithe go léir ar fhaisnéis idir údaráis chustaim agus idir oibreoirí eacnamaíocha agus údaráis chustaim, agus an stóráil a éilítear i dtaca le faisnéis den sórt sin faoin reachtaíocht chustaim.

(2) Déantar foráil in Airteagal 6(4) de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 maidir le cinntí a ghlacadh i gcásanna eisceachtúla chun cead a thabhairt do Bhallstát amháin nó do roinnt Ballstát maolú ó theicnící próiseála sonraí leictreonacha a úsáid chun faisnéis a mhalartú agus a stóráil, má tá bonn cirt leis an maolú sin de bharr staid shonrach an Bhallstáit iarrthaigh agus má dheonaítear é ar feadh tréimhse shonrach ama.

(3) Le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2151 ón gCoimisiún bunaítear an clár oibre maidir leis na córais leictreonacha dá bhforáiltear i gCód Custaim an Aontais a fhorbairt agus a imscaradh ([2]) ("an clár oibre"). Liostaítear sa chlár oibre na córais leictreonacha atá le forbairt agus na dátaí óna meastar go mbeidh na córais sin oibríochtúil. Sonraítear sa chlár oibre cur chun feidhme agus dátaí imscartha an Chórais Rialaithe Allmhairí 2 ("ICS2") i gcomhréir le hAirteagal 6(1), Airteagail 16, 46, 47 agus 127 go 132 de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013.

(4) I gcomhréir leis an gclár oibre, bhí na Ballstáit le bheith réidh ón 15 Márta 2021 chun ICS2 a imscaradh d'fhonn dearbhuithe iontrála achomair a bhailiú ó oibreoirí poist agus meariompróirí le haghaidh earraí a iompraítear d'aer, agus bhí siad chun an deis a thabhairt d'oibreoirí eacnamaíocha nascadh leis an gcóras agus dearbhuithe iontrála achomair a thaisceadh tríd an gcóras sin a úsáid faoin 1 Deireadh Fómhair 2021.

(5) I gcomhréir le hAirteagal 127 de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 agus le hAirteagal 183(1), pointe (c) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2447 ón gCoimisiún ([3]), ní mór do na hoibreoirí poist atá bunaithe san Aontas dearbhuithe iontrála achomair a thaisceadh trí ICS2 a úsáid ón 1 Deireadh Fómhair 2021.

([1]) IO L 269, 10.10.2013, lch. 1

([2]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2151 ón gCoimisiún an 13 Nollaig 2019 lena mbunaítear an clár oibre maidir leis na córais leictreonacha dá bhforáiltear i gCód Custaim an Aontais a fhorbairt agus a imscaradh (IO L 325, 16.12.2019, lch. 168).

([3]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2447 ón gCoimisiún an 24 Samhain 2015 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le cur chun feidhme forálacha áirithe de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos Cód Custaim an Aontais (IO L 343, 29.12.2015, lch. 558).

(6) Maidir le hoibreoirí poist san Aontas a fhaigheann post ó oibreoirí poist nach n-oibreoirí poist de chuid an Aontais iad, bíonn siad ag brath ar na hoibreoirí sin chun réamhshonraí leictreonacha a bhailiú agus a mhalartú go tráthúil d'fhonn na hoibleagáidí faoi Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2447 a chomhlíonadh. Níl an cumas teicniúil is gá ag oibreoirí poist ó thríú tíortha áirithe fós, áfach, chun na ceanglais maidir le bailiú agus malartú idirnáisiúnta réamhshonraí leictreonacha a chomhlíonadh, a bhfuil feidhm acu maidir leo faoin gCoinbhinsiún maidir leis an Aontas Poist Uilechoiteann. Dá bhrí sin, níl siad ag gabháil sonraí leictreonacha fós, go hiomlán ná go páirteach, agus ar an mbealach sin, ní chuireann siad na sonraí leictreonacha sin in iúl do na hoibreoirí poist atá bunaithe san Aontas. Ina ionad sin, d'fhéadfadh oibreoirí poist san Aontas na sonraí a athúsáid a bhailítear chun críoch dearbhaithe custaim agus na sonraí sin a chur in iúl do ICS2 trí phróiseas uathoibrithe. Mar sin féin, níor bhunaigh gach oibreoir poist san Aontas próiseas uathoibrithe athúsáide den sórt sin.

(7) I ngeall ar an easpa réamhshonraí leictreonacha, réamhshonraí arb é atá iontu an fhaisnéis dearbhaithe réamhtheachta nó réamhlódála, atá ar an bhfoirm chustaim de ghnáth, ó oibreoirí poist áirithe atá bunaithe i dtríú tíortha, ceanglaítear ar oibreoirí poist atá bunaithe san Aontas na sonraí a eochrú isteach de láimh in ICS2 tráth theacht fisiceach coinsíneachtaí poist, i gcás nár bhunaigh siad próiseas uathoibrithe chun na sonraí a athúsáid agus a chur in iúl do ICS2, ar sonraí iad a bhailítear chun críoch dearbhaithe custaim, i gcomhréir le hAirteagal 139(5) Rialachán (AE) Uimh. 952/2013. Nuair a bhaineann an próiseas láimhe sin le cion ard coinsíneachtaí poist, d'fhéadfadh sé a bheith ina chúis le briseadh nach beag sa slabhra soláthair poist idirnáisiúnta.

(8) In ainneoin na hoibleagáide maidir le sonraí dearbhaithe iontrála achomair a chur isteach go leictreonach i gcás gach coinsíneachta poist ón 1 Deireadh Fómhair 2021 ar aghaidh, de réir na faisnéise a fuair údaráis chustaim na Beilge, na Bulgáire, na Cipire, na Liotuáine, na hÍsiltíre agus na Fionlainne, bhí líon na gcoinsíneachtaí poist nach bhfuil aon réamhshonraí leictreonacha ar fáil ina leith chun dearbhuithe iontrála achomair a thaisceadh trí ICS2 sna Ballstáit sin os cionn 15 % de líon iomlán na gcoinsíneachtaí poist a fuarthas an mhí roimh dháta chur i bhfeidhm an Chinnidh seo. Cruthaíonn sé sin briseadh agus scrogaill i sreabhadh na n-earraí a thagann tríd an bpost sna Ballstáit sin in ainneoin iarrachtaí leanúnacha na mBallstát sin na hoibleagáidí dlíthiúla a chomhlíonadh maidir le sonraí a bhaineann le ICS2 a mhalartú go leictreonach.

(9) Tá na himthosca eisceachtúla sin, arbh é ba chúis leo nach raibh an cumas teicniúil fós ag córais oibreoirí poist nach córais oibreoirí poist de chuid an Aontais iad ina n-údar maith leis na hiarrataí ar mhaolú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 952/2013, a chuir an Bhulgáir, agus Chipir, agus an Liotuáin isteach an 21 Nollaig 2021, a chuir an Íslitír isteach an 23 Nollaig 2021, a chuir an Bheilg isteach an 5 Eanáir 2022 agus a chuir an Fhionlainn isteach an 14 Eanáir 2022. Leis na maoluithe sin, ba cheart cead a thabhairt, ar bhonn sealadach, do na Ballstáit sin modhanna eile seachas na teicnící próiseála sonraí leictreonacha a úsáid chun faisnéis i ndáil le hearraí i gcoinsíneachtaí poist a mhalartú agus a stóráil, ar earraí iad nach gcuireann na hoibreoirí poist nach n-oibreoirí poist de chuid an Aontais iad réamhshonraí leictreonacha in iúl d'oibreoirí poist an Aontais ina leith agus nach féidir le hoibreoirí poist an Aontais na sonraí dearbhuithe custaim ina leith a athúsáid chun dearbhuithe iontrála achomair a thaisceadh trí ICS2.

(10) Agus an Cinneadh seo á chur chun feidhme, beidh ar údaráis chustaim na Beilge, na Bulgáire, na Cipire, na Liotuáine, na hÍsiltíre agus na Fionlainne fógra a thabhairt don Choimisiún maidir leis an dul chun cinn atá déanta ag a n-oibreoir poist i dtaca leis na sonraí dearbhuithe iontrála achomair le haghaidh na gcoinsíneachtaí poist a sholáthar trí ICS2 laistigh de mhí amháin tar éis fhógra an Chinnidh.

(11) Ós rud é gur tháinig an oibleagáid maidir le sonraí dearbhaithe iontrála achomair a chur isteach go leictreonach i gcás na gcoinsíneachtaí poist uile i bhfeidhm an 1 Deireadh Fómhair 2021, ba cheart feidhm a bheith ag an gCinneadh seo go haisghníomhach ón dáta sin agus go dtí an 30 Meitheamh 2022,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

De mhaolú ar Airteagal 6(1) de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013, féadfaidh údaráis chustaim na Beilge, na Bulgáire, na Cipire, na Liotuáine, na hÍsiltíre agus na Fionlainne céad a thabhairt dá n-oibreoir poist dearbhuithe iontrála achomair a thaisceadh i leith earraí i gcoinsíneachtaí poist trí mhodhanna eile seachas teicnící próiseála sonraí leictreonacha a úsáid, ar choinníoll go gcomhlíonfar na coinníollacha uile seo a leanas:

(a) nár chuir oibreoir poist aon réamhshonraí leictreonacha in iúl le haghaidh na n-earraí sin, ar oibreoir poist é atá bunaithe lasmuigh de chríoch chustaim an Aontais agus a sholáthraíonn seirbhísí idirnáisiúnta atá faoi rialú ag an gCoinbhinsiún maidir leis an Aontas Poist Uilechoiteann;

(b) gur sháraigh líon na gcoinsíneachtaí poist lena mbaineann 15 % de líon iomlán na gcoinsíneachtaí poist a fuarthas le linn na míosa roimh dháta chur i bhfeidhm an Chinnidh seo;

(c) i gcás ina gceadóidh an Ballstát lena mbaineann úsáid modhanna eile seachas teicnící próiseála sonraí leictreonacha dá bhforáiltear thuas, ní bheidh an cumas teicniúil fós ag an oibreoir náisiúnta poist na sonraí a athúsáid agus a chur in iúl don Chóras Rialaithe Allmhairí ("ICS2"), ar sonraí iad a bailíodh chun críche an dearbhaithe custaim maidir le scaoileadh i saorchúrsaíocht.

Airteagal 2

Tabharfaidh údaráis chustaim na Beilge, na Bulgáire, na Cipire, na Liotuáine, na hÍsiltíre agus na Fionlainne fógra don Choimisiún laistigh de mhí amháin ón dáta a thabharfar fógra faoin gCinneadh seo maidir leis an dul chun cinn a bheidh déanta ó dháta chur i bhfeidhm an Chinnidh seo ag a n-oibreoirí náisiúnta poist chun sonraí dearbhaithe achomair maidir le hearraí i gcoinsíneachtaí poist a sholáthar do na húdaráis chustaim trí ICS2 a úsáid.

Airteagal 3

Dírítear an Cinneadh seo chuig Ríocht na Beilge, Poblacht na Bulgáire, Poblacht na Cipire, Poblacht na Liotuáine, Ríocht na hÍsiltíre agus Poblacht na Fionlainne.

Beidh feidhm aige ón 1 Deireadh Fómhair 2021 go dtí an Déardaoin 30 Meitheamh 2022.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 5 Bealtaine 2022.

Thar ceann an Choimisiúin
Paolo GENTILONI
Comhalta den Choimisiún